BUS CONNECTS

TRANSFORMING CITY BUS SERVICES

Project Ireland 2040
Building Ireland's Future

# Baile Bhlainséir > Lár na Cathrach

## Conair Bus Lárnach

### An Bealach is Dealraithí a Roghnófar
### Comhairliúchán Poiblí Samhain 2018




Dublin Bus



# Clár an Ábhair

**1. Réamhrá 2**

1.1 Cúlra 2
1.2 Cén fáth a bhfuil gréasán chonair bus lárnach ag teastáil ó Bhaile Átha Cliath? 3
1.3 Cad é BusConnects Bhaile Átha Cliath? 5
1.4 Cad iad na buntáistí a bhaineann leis an tionscadal seo? 6
1.5 Cad é atá i gceist le tionscadal na gconairí bus lárnacha? 8

**2. An Bealach is Dealraithí a Roghnófar 10**

2.1 An Bealach is Dealraithí a Roghnófar ó Bhaile Bhlainséir go Lár na Cathrach 10
2.2 Achoimre ar chonair Bhaile Bhlainséir go Lár na Cathrach 10
2.3 Príomhfhíricí 14

**3. Dúshláin agus Maolaithe 16**

3.1 Na Dúshláin 16
3.2 Tionchair Fhéideartha 16
3.3 An dóigh ar a thabharfaimid aghaidh ar na dúshláin sin 17

**4. An Próiseas chun an Talamh a Fháil 20**

4.1 An dóigh a rachaidh an tionscadal chun cinn 22

**5. Páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán poiblí 24**

5.1 Tailte a d'fhéadfadh tionchar imirt orthu 24
5.2 Ceisteanna ginearálta 24
5.3 Páirt a Ghlacadh 24

**6. Aguisíní 26**


6.1 Treoirléarscáil
6.2 Léarscáileanna bealaigh
6.3 Bealaí Tráchta Malartacha

# 1. Réamhrá

## 1.1 Cúlra

**I Meitheamh 2018, d'fhoilsigh an tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA) Tuarascáil Thionscadal na gConairí Bus Lárnacha. Is plédhoiciméad an tuarascáil sin a achoimríonn tograí maidir le cur i gcrích ghréasán conairí bus lárnacha ar fud Bhaile Átha Cliath. Leagann sé amach an fhís le haghaidh foráil 230km de lánaí bus tiomnaithe agus 200km de lánaí/raonta rothar ar shé chonair bus déag.**

Lánaí bus agus raonta rothar leanúnacha




As féin, in Iúil 2018 chuir an tionscadal darbh ainm **Athdhearadh ar Ghréasán Bus Bhaile Átha Cliath**, arb ionann é agus athdhearadh ar sheirbhísí bus, tús lena chéad chéim comhairliúcháin phoiblí. Roimh dheireadh Mheán Fómhair, fuarthas timpeall is 30,000 iarratas, lena n-áirítear achainíocha sínithe agus freagraí ar shuirbhéanna ar líne. Sna míonna atá romhainn déanfar athbhreithniú agus measúnú ar na hiarratais seo ar fad. Tar éis an phróisis sin, foilseofar dearadh gréasáin leasaithe i rith 2019 le haghaidh an dara comhairliúchán poiblí. Táthar ag súil leis go gcuirfear i bhfeidhm an gréasán deiridh i 2020. Is féidir an t-athdhearadh gréasáin a chur i bhfeidhm ar an ngréasán bóthair atá ann cheana le roinnt feabhsaithe ag príomhláithreacha acomhail.

Ina dhiaidh sin, tarlóidh an comhairliúchán poiblí do na sé chonair bus lárnach ghathach dhéag ar bhonn céimnithe ó Mhí na Samhna 2018 go Mí na Bealtaine 2019. Pléifidh gach céim le líon áirithe conairí agus glacfar le tuairimí fúthu thar thréimhse roinnt míonna. Feidhmeoidh na céimeanna comhairliúcháin phoiblí seo mar chéad chéim i bpróiseas teagmhála agus cumarsáide mionsonraithe. Tarlóidh na nithe seo ar fad sula roghnaítear an dearadh mionsonraithe deiridh agus sula gcuirtear iarratas isteach ar chead pleanála.

Is doiciméad amháin é seo de shraith sé dhoiciméad déag, gach ceann tiomnaithe do phríomhchonair bus ar leith. Soláthraíonn an doiciméad cur síos scríofa ar an mbealach is dealraithí a roghnófar ó thús go deireadh le léirscáileanna bealaigh tacaíochta. Míníonn an doiciméad go mion an próiseas rannpháirtíochta agus comhairliúcháin d'úinéirí réadmhaoine agus don phobal go ginearálta a d'fhéadfadh tionchar imirt orthu. Tugann sé achoimre freisin ar phróiseas pleanála agus tógála thionscadal na gconairí bus lárnacha lena n-áirítear an sceideal tuartha.

## 1.2 Cén fáth a bhfuil gréasán chonair bus lárnacha ag teastáil ó Bhaile Átha Cliath?


- **Brú tráchta** – Is é brú tráchta ceann de na dúshláin is suntasaí atá os comhair réigiún Bhaile Átha Cliath agus caithfear dul i ngleic leis chun fás réigiún Bhaile Átha Cliath a chosaint agus daoine a choinneáil ag bogadh. Agus Éire ag teacht as an gcúlú eacnamaíochta tá ardú suntasach i líon na ndaoine atá ag obair agus ag taisteal ar fud Bhaile Átha Cliath. Tá líon na bhfeithiclí trádála ag ardú chomh maith le líon na dturasóirí. Tá na limistéir chomaitéireachta timpeall ar Bhaile Átha Cliath ag leathnú amach agus ag fás go leanúnach ar dhlús íseal. Is féidir limistéir a bhfuil fás iontu a sholáthar sa ghearr agus sa mheántéarma le seirbhísí bus in ionad thionscadail fhadtéarmacha ar nós seirbhísí iarnróid agus Luas.

  Faoi láthair tá lánaí bus i bhfeidhm ar níos lú ná an tríú cuid de na turais bus ar na conairí gnóthacha. Ciallaíonn sé seo go bhfuil busanna san iomaíocht le haghaidh spáis leis an trácht ginearálta agus mar sin bíonn tionchar ag an leibhéal brú tráchta méadaitheach orthu.

- **Daonra ag Fás** – Táthar á thuar go bhfásfaidh daonra réigiún Bhaile Átha Cliath 25% roimh 2040, go sroichfidh sé beagnach 1.5m sa réigiún. Ní mór déileáil leis an bhfás daonra ollmhór seo trí chóras iompair phoiblí d'ardchaighdeán a chur ar fáil.

- **Is féidir leis an gcóras bus an toradh seo a bhaint amach** – Ní mór dúinn infheistíocht a dhéanamh sa chóras bus ós rud é gurb é an córas bus an príomhrud a bheidh ag teastáil chun ár riachtanais iompair sa todhchaí a chomhlíonadh. Tá an t-aimsiú agus an tsolúbthacht ag córas bus maith seirbhís a chur ar fáil do na forbairtí nua tithíochta, na páirceanna gnó, na hospidéil, na coláistí agus na siopaí ar fad ar fud Bhaile Átha Cliath. Is réiteach cruthaithe é agus is é an cóir iompair phoiblí is mó a úsáidtear ar fud Bhaile Átha Cliath le 67% de na turais iompair phoiblí á déanamh gach lá ar an mbus. Iompraíonn an córas bus trí nó ceithre huaire níos mó daoine ná a iompraíonn an Luas nó an Dart nó a iompraíonn na seirbhísí chomaitéireachta iarnróid.

### Fás Daonra Tuartha i Réigiún Bhaile Átha Cliath




- **Teastaíonn ó dhaoine bheith ag rothaíocht** – Ní bhaineann tionscadal na gconairí bus lárnacha le soláthar lánaí bus amháin. Faoin tionscadal seo cuirfimid ar fáil 200km d'infreastruchtúr rothaíochta leithscartha freisin chun go mbeidh an rothaíocht níos sábháilte agus níos mealltaí ná a bhí riamh. Is bunchloch an tionscnamh seo do ghréasán rothaíochta ginearálta Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath.

  Tá ardú 43% i líon na ndaoine a thaistealaíonn chuig an obair ar rothar ó 2011. Léiríonn an fás seo go soiléir go bhfuil daoine ag roghnú a bheith ag rothaíocht. Tacóidh an tionscadal seo leis an treocht sin agus is cuid lárnach den tionscnamh é córas iompair inbhuanaithe a chruthú do dhaoine ar fud Bhaile Átha Cliath. Cuirfidh áiseanna rothaíochta sábháilte thar na 16 chonair bus lárnacha timpeallacht oiriúnach ar fáil inar féidir le daoine, teaghlaigh agus a bpáistí a bheith ag rothaíocht cibé áit gur mian leo nuair is mian leo.

- **Teastaíonn ó dhaoine iompar poiblí a úsáid** – Eascraíonn an gá gréasán conairí bus lárnacha a thógáil as an méadú atá ag teacht ar bhrú tráchta agus as an athrú suntasach atá le brath agus níos mó daoine ná riamh ag roghnú iompar poiblí a úsáid. Teastaíonn ó dhaoine iompar poiblí a úsáid agus ba chóir go mbeadh córas bus iontaofa agus éifeachtach ar fáil dóibh. Bunaithe ar fhigiúirí thródam na canála i 2017, tá 70% de na daoine atá ag taisteal isteach sa chathair gach maidin ag úsáid cóir iompair inbhuanaithe agus an chuid is mó díobh ag taisteal ar an mbus. Ní úsáideann ach 30% de na daoine carr le taisteal isteach i lár na cathrach gach lá agus dá bhrí sin ní mór an méid spáis a chuirtear ar fáil do riachtanais iompair inbhuanaithe a bheith ag teacht leis an bhfigiúr sin.

## Staidrimh maidir le Tródam Chánála Bhaile Átha Cliath 2017 - 7am go 10am



## 1.3 Cad é BusConnects Bhaile Átha Cliath?

**Is clár infheistíochta suntasach é BusConnects Bhaile Átha Cliath a bhfuil mar aidhm aige iompar poiblí i mBaile Átha Cliath a fheabhsú.**

Tá sé mar aidhm aige an córas bus reatha a leasú ó bhonn trí chlár comhtháite 10 mbliana de ghníomhaíochtaí comhtháite a chur i bhfeidhm d'fhonn córas busanna níos éifeachtaí, níos iontaofa agus níos fearr a chur ar fáil do níos mó daoine.



- Gréasán conairí bus nua a thógáil chun go mbeidh turais níos tapúla agus níos iontaofa.
- Gréasán nua lánaí rothar/raonta rothar.

- Córas ticéadaithe den chéad scoth a fhorbairt.
- Cur i bhfeidhm córas íocaíochta gan airgead tirim.
- Struchtúr táillí simplithe.




- Stadanna agus foscadáin bus nua le comharthaíocht agus eolas níos fearr.
- Cur ar fáil suíomhanna Páirceála agus Taistil bus-bhunaithe i bpríomhháiteanna.



- Athdhearadh ghréasán bus limistéar Bhaile Átha Cliath chun gréasán níos éifeachtúla a chur ar fáil le bealaí ardmhinicíochta, cuarbhealaí nua agus seirbhísí bus níos rialta.



- Libhré busanna nua a chur ar fáil i stíl chomónta thar na hoibreoirí ar fad.




- Aistriú chuig flít busanna nua le teicneolaíochtaí feithicle astaíochtaí ísle.

CUID 1


## 1.4 Cad iad na buntáistí a bhaineann leis an tionscadal seo?

- **Am a Shábháil ar Thurais** – Sábhálfar suas go dtí 40-50% ar amanna turais ar gach conair de bharr thionscadal na gconairí bus lárnacha. Féadfaidh lánaí bus tiomnaithe luas agus iontaofacht thaisteal ar bhusanna a mhéadú go suntasach. Má chuirtear feabhas ar amanna taistil agus má laghdaítear an líon ama a chaitheann daoine an turas chun na hoibre a dhéanamh beidh taisteal ar bhusanna níos mealltaí agus beidh níos lú daoine ag brath ar charrthaisteal. Dá mhéad agus atá an córas bus áisiúil, is tapúla a bheidh an t-athrú módúil a dhéanann daoine ón gcarr chuig an mbus. Ní hamháin go mbainfidh úsáideoirí reatha busanna agus rothaithe tairbhe as ach beidh comaitéirí sa todhchaí in ann leas a bhaint as córas níos fearr agus na lánaí bus agus rothaíocht á dtógáil.
- **Inrochtaineacht do gach duine** – Is ionann inrochtaineacht agus cumas na ndaoine a gceann scríbe agus na seirbhísí atá uathu a bhaint amach. Tá leibhéal luaineachta agus costas taistil na ndaoine i gceist leis seo. Tá na mílte daoine ar fud Bhaile Átha Cliath nach féidir leo carr a thiomáint, nach bhfuil carr acu agus atá go hiomlán spleách ar an tseirbhís bus. Feabhsóidh na hoibreacha feabhsúcháin ar lánaí bus an rochtain atá ag daoine aosta agus daoine maol-luaineachta ar sheirbhísí bus mar go mbeidh na busanna ar fad insroichte agus beidh na stadanna bus, na foscadáin bus agus na cosáin feistithe ar bhealach a éascaíonn bordáil agus tuirlingt ó bhusanna.
- **Áiseanna rothaíochta níos fearr** – Mar chuid den tionscadal seo, cuirfear ar fáil áiseanna rothaíochta a bhfuil géarghá leo ar fud réigiún na cathrach. Cuirfear ar fáil os cionn 200km d'áiseanna rothaíochta ardchaighdeáin ar fud na 16 chonair bus ghathach. Déanfar na raonta rothar nua nó feabhsaithe seo a leithscaradh ó na lánaí bus agus ón trácht ginearálta nuair is féidir.

### Coigilt Ama do Thurais



- **Coisithe agus Lárionaid Uirbeacha Áitiúla**– I dteannta na lánaí bus agus na háiseanna rothaíochta, is deis é seo limistéir áitiúla a fheabhsú. Tá an tionscadal seo dírithe ar feabhas a chur ar chúrsaí do chomaitéirí agus don phobal a mhaireann timpeall ar na conairí bus. Cuirfear feabhas ar chosáin, ar shiúlbhealaí agus ar thrasrianta coisithe ar feadh gach bealach. Cuirfear ar fáil maoiniú agus infheistíocht do lárionaid uirbeacha áitiúla chun thírdhreachanna agus taithneamhachtaí allamuigh a thógáil.
- **Cathair inbhuanaithe a thógáil agus dul i ngleic leis an athrú aeráide** – Trí chóras bus níos fearr a chur ar fáil do Bhaile Átha Cliath, is féidir linn cathair atá níos tarraingtí ó thaobh cónaithe, oibre agus turasóireachta a chruthú. Tá córas iompar poiblí maith riachtanach chun tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí eacnamaíochta cathrach agus féadann sé freisin aghaidh a thabhairt ar an gá atá le cáilíocht an aeir a fheabhsú agus astaíochtaí CO2 a laghdú. Is tosaíocht don Rialtas aghaidh a thabhairt ar dhúshlán an athraithe aeráide agus is príomhghné den réiteach atá aige daoine a spreagadh chun an córas iompar poiblí a úsáid.



CUID 1


## 1.5 Cad atá i gceist leis an tionscadal conairí bus lárnacha?


Molann tionscadal na gconairí bus lárnacha soláthar 230 ciliméadar lánaí bus ar shé cheann déag de na conairí bus is gnóthaí agus 200 ciliméadar lánaí agus raonta rothar, rud a foilsíodh sa phlédhoiciméad, Tuarascáil faoi Thionscadal na gConairí Bus Lárnacha, i Meitheamh 2018.

Taispeánann an leagan amach thíos an leagan amach ar mhaith linn a bheith ag gach conair. É sin ráite, is doiligh an leagan amach optamach seo a bhaint amach go praiticiúil agus tá réitigh mhalartacha molta againn in áiteanna éagsúla chun go mbeifear in ann na lánaí bus agus rothar a chur ar fáil.

Tá lánaí bus ag teastáil chun go bhfeidhmeoidh an córas bus atá ann faoi láthair agus a bheidh ann sa todhchaí ar dhóigh éifeachtach, iontaofa agus tráthúil. Tá sé i gceist againn na conairí bus seo a fhorbairt chun go mbeidh tosaíocht leanúnach do bhusanna ar gach ceann acu – is é sin le rá, go gcoinneofar lána bus leanúnach sa dá threo chomh maith le dhá lána tráchta ginearálta. Ina theannta sin, ba mhaith linn áiseanna rothaíochta sábháilte a chur ar fáil, atá leithscartha nuair is féidir ó gach saghas fheithicle eile. Cuirfidh sé seo deireadh leis na moilleanna atá ann faoi láthair agus a bheidh ag dul in olcas agus an brú tráchta ag méadú.

### Leagan Amach Optamach Bóithre





# An Bealach is Dealraithí a Roghnófar do Chonairí Bus Lárnacha Gathacha

1. Cluain Ghrífín go Lár na Cathrach
2. Sord go Lár na Cathrach
3. Baile Munna go Lár na Cathrach
4. Fionnghlas go Baile Phib
5. Cluain Ghrífín go Baile Bhlainséir
6. Leamhcán go Lár na Cathrach
7. Gleann na Life go Lár na Cathrach
8. Cluain Dolcáin go Droimeanach
9. Na Glaschnoic go Lár na Cathrach
10. Tamhlacht go Tír an Iúir
11. Camaigh go Lár na Cathrach
12. Ráth Fearnáin go Lár na Cathrach
13. Bré go Lár na Cathrach
14. UCD Droichead na Dothra go Lár na Cathrach
15. An Charraig Dhubh go Muirfin
16. An Rinn go Lár na Cathrach

# 2. An Bealach is Dealraithí a Roghnófar

## 2.1 An Bealach is Dealraithí a Roghnófar ó Bhaile Bhlainséir go Lár na Cathrach

Rinneadh an Bealach is Dealraithí a Roghnófar atá leagtha amach sa doiciméad seo a shainaithint tar éis measúnú a dhéanamh ar bhealaí malartacha éagsúla.

Mar chuid den phróiseas roghnúcháin bealaí rinneadh roghanna féidearthachta a shainaithint agus a phlé ag cur san áireamh critéir ar nós an tionchar a bheadh acu ar éadain réadmhaoine, ar phatrúin thráchta atá ann cheana, agus rinneadh measúnú forleathan ar an tionchar a bheadh acu ar an timpeallacht. Tá Tuarascáil Fhéidearthachta ag leagan amach sonraí na hoibre measúnaithe a rinneadh ar fáil ag **www.BusConnects.ie**.

Ag eascairt ón obair sin rinneadh Bealach is Dealraithí a Roghnófar a shainaithint don chonair seo agus táthar anois ag lorg tuairimí an phobail ina leith. Tá sé tábhachtach a thuiscint nár glacadh leis an rogha seo go fóill. Is tar éis an chomhairliúcháin agus an athbhreithnithe seo ar na hiarratais a fuarthas amháin a dhéanfar cinneadh faoin Bhealach is Dealrathaí deiridh.

## 2.2 Achoimre ar chonair Bhaile Bhlainséir go Lár na Cathrach

Tosaíonn an Chonair Bus Lárnach ar an taobh ó thuaidh d'acomhal Bhóthar Bhaile Bhlainséir Theas leis an N3. Leanann an chonair ar aghaidh ar R121 Bóthar Bhaile Bhlainséir Theas go hIonad Siopadóireachta Bhaile Bhlainséir. Ó stad cheann aistir ar an taobh thiar thuaidh d'Ionad Siopadóireachta Bhaile Bhlainséir seolfar an Chonair Bus Lárnach chuig Bóthar na hUaimhe N3 trí acomhal Bhóthar Snugborough, agus leanfaidh sé an N3 agus Bóthar na hUaimhe chomh fad le hacomhal Sheanbhóthar na Cabraí. Uaidh seo seolfar an Chonair Bus Lárnach ar feadh Sheanbhóthar na Cabraí, Sráid na Prúise agus Sráid an Mhainéir chuig an acomhal le Sráid Brunswick Thuaidh. Seolfar an Chonair Bus Lárnach ansin trí Phlás Blackhall chomh fada leis an acomhal le Cé Ellis agus Cé Árann, áit a nascfaidh sé leis an gcóras bainistíochta tráchta atá i réim ar na Céanna Thuaidh. Tabharfar tosaíocht do bhusanna ar feadh an bhealaigh ar fad, le lánaí bus tiomnaithe don chuid is mó sa dá threo, agus moltar bearta malartacha ag áiteanna atá róchúng.

### 2.2.1 Ionad Siopadóireacht Bhaile Bhlainséir go hAcomhal M50 – N3 (Bóthar na hUaimhe)

Tosaíonn an chonair taobh ó thuaidh d'acomhal Bhóthar Bhaile Bhlainséir Theas leis an N3. Moltar an sliosbhóthar amach ón N3 go Sheanbhóthar na hUaimhe, Mullach Eadrad, atá ann faoi láthair a athrú ó dhá lána tráchta ginearálta chuig lána trácht ginearálta amháin agus lána bus amháin. Leanfaidh an lána seo ar aghaidh go dtí Bóthar Bhaile Bhlainséir Theas ag dul trasna an N3. Déanfar spás don lána bus ar an tardhroichead trí leagan amach an bhóthair a athrú ó dhá lána tráchta ginearálta chuig lána trácht ginearálta amháin agus lána bus amháin. Leanfaidh an chonair ar aghaidh ar feadh Bhóthar Bhaile Bhlainséir Theas go dtí Ionad Siopadóireacht Bhaile Bhlainséir ag acomhal Gharrán Mhóinteán na gCaorach. Coinneofar an bealach isteach don lána bus ag dul ó thuaidh ar an gcoirnéal ó thuaidh de shuíomh Ionad Siopadóireachta Bhaile Bhlainséir (in aice le Crown Plaza Bhaile Bhlainséir Bhaile Átha Cliath):

Laistigh de shuíomh Ionad Bhaile Bhlainséir, moltar an limistéar leagan síos bus a uasghrádú chuig stad aistir bus níos foirmeálta le háiseanna feithimh feabhsaithe do phaisinéirí – féach na samplaí den leagan amach a bheadh ag an idirmhalartú paisinéirí ar leathanach 15.

Seolfar busanna ansin ar feadh an bhóthair rochtana atá ann faoi láthair taobh thoir d'Ionad Bhaile Bhlainséir. Tá sé i gceist lána bus tiomnaithe a chur ar fáil ar an mbóthar rochtana seo.

Moltar an t-acomhal atá ag an timpeallán ar Shliosbhóthar na hUaimhe cheana a athrú chuig acomhal crosbhóthair go hiomlán soilsithe, ag cur ar fáil lána bus tríd an acomhal seo sa dá threo. Mar chuid den athrú a dhéanfar ar an acomhal, déanfar spás d'áiseanna rothaíochta, coisithe agus stad bus feabhsaithe. Chun spás a dheánamh do na háiseanna seo, moltar an bóthar a leathnú idir an bóthar atá ann cheana (L3020) agus Bóthar na hUaimhe N3.

I ndiaidh na coda seo den bhóthar, tá sé i gceist an lána bus a sheoladh trí acomhal Bhóthar Snugborough. Tá an leagan amach a mholtar don acomhal seo ag teacht leis na tograí d'Uasghrádú Acomhail Snugborough atá molta ag Comhairle Contae Fhine Gall. Tá sé i gceist sna hoibreacha beartaithe seo Bóthar Snugborough a leathnú agus lánaí tráchta breise a chur ar fáil ar an L3020.

I ndiaidh Acomhal Bhóthar Snugborough, seolfar an lána bus chuig Bóthar na hUaimhe N3. Ar an N3, moltar go gcoinneofar an lána bus leanúnach sa dá threo. Freagraíonn an socrú beartaithe, ach níl sé spleách ar, scéim bheartaithe a shainaithin Bonneagar Iompair Éireann (BIÉ) an N3 a leathnú idir Chluain Aodha agus an M50, scéim atá fós ag tús an phróisis phleanála. Mar sin, is leagan amach leathnaithe táscach atá léirithe anseo ag brath ar cibé forbairt eile a dhéantar ar dhearadh BIÉ amach anseo.

Tá sé i gceist stadanna bus breise a chur ar fáil chun freastail ar Bhóthar an Chnoic agus ar Phríomhshráid Bhaile Bhlainséir. Seolfar na lánaí bus uaidh sin ar shliosbhóthar as Ospidéal Uí Chonghaile chuig Bóthar na hUaimhe trasna an M50. Moltar go gcoinneofar an lána bus leanúnach ar an gcuid seo den bhealach.

## 2.2.2 Acomhal M50 go hAcomhal Bhóthar Ráth Tó – R147 (Bóthar na hUaimhe)

Moltar lána bus leanúnach sa dá threo a chur ar fáil trasna an M50. Tá sé i gceist stadanna bus breise a chur ar fáil ag Ascaill Achadh na Gréine, agus slí rothar dhá bhealach a chur ar fáil taobh leis an lána bus atá ag dul go Baile Blhainséir. Nascfaidh an áis rothaíochta seo leis an nGréasán Rothaíochta Beartaithe do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath a chuirfear ar fáil ar feadh Mhainéar Chaisleán Cnucha.

Seolfar an lána bus suas na sliosbhóithre isteach agus amach chun rochtain a thabhairt ar na stadanna bus a fhreastalaíonn ar Ionad Páirceála Bhóthar na hUaimhe. Déanfar an lána bus isteach i lár na cathrach a choinneáil ar an gcuid seo den bhealach. Déanfar na lánaí tráchta amach a athrú ó dhá lána tráchta ginearálta chuig lána tráchta ginearálta amháin agus lána bus amháin.

Moltar an timpeallán ag Bóthar Bhaile an Ásaigh a athrú go crosbhóthar go hiomlán soilsithe, agus stadanna bus a chur ar fáil chun freastail ar an acomhal seo. Ag an acomhal seo, moltar deireadh a chur leis an tslí rothar dhá bhealach, agus aistriú chuig raon rothar leithscartha ar gach taobh den charrbhealach.

Cuirfear ar fáil áiseanna feabhsaithe do choisithe ag na háiteanna/na hacomhail ar fad ar feadh na coda seo den bhealach, lena n-áirítear:

- Ascaill Kempton;
- Eastát Darling;
- Garrán Bhaile an Ásaigh;
- Ionad Naomh Uinseann;
- Ascaill Chinn Mhara;
- Bóthar na Scríne;
- Faiche Hampton; agus
- Ionad Maple/ Leabharlann na Cabraí.

Chun na feabhsuithe infreastruchtúir iompair seo a éascú, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le tógáil talún theoranta ag na háiteanna seo a leanas:

- Tailte taobh ó dheas d'acomhal Bhóthar Bhaile an Ásaigh;
- Tailte taobh ó dheas d'Acomhal Ascaill Kempton;
- Tailte réadmhaoin phríobháideacha idir Gharrán Bhaile an Ásaigh agus Ascaill Chinn Mhara;
- Tailte réadmhaoine phríobháideacha idir Ascaill Chinn Mhara/ Bóthar Bhagóid agus Bóthar Néifinne; agus
- Tailte réadmhaoine príobháideacha idir Bhóthar Néifinne agus Bóthar Ráth Tó.

Tá méid táscach na tógála talún seo léirithe sna líníochtaí in Aguisín an bhróisiúir seo.

### 2.2.3 Acomhal Bhóthar Ráth Tó go hAcomhal Shráid Brunswick Thuaidh – Seanbhóthar na Cabraí/Sráid na Prúise/Sráid an Mhainéir

Moltar nach gceadófaí ach d'iompar poiblí, do thrácht áitiúil agus do rothaithe ar an gcuid seo de Sheanbhóthar na Cabraí idir acomhal Bhóthar Ráth Tó agus an Cuarbhóthar Thuaidh agus go gcuirfí cosc ar tréthrácht tríd an nasc seo. Seolfar tréthrácht ag dul isteach sa chathair síos Bóthar na Cabraí agus isteach i mBaile Phib agus ar aghaidh go dtí lár na cathrach. Seolfar tréthrácht ag teach amach ón gcathair suas Sráid an Teampaill, Cnoc an Bhunreachta, Bóthar Bhaile Phib agus amach arís ar feadh Bhóthar na Cabraí.

Coinneofar Seanbhóthar na Cabraí idir acomhal Bhóthar Ráth Tó agus an Cuarbhóthar Thuaidh ar oscailt do thrácht áitiúil, busanna, tacsaithe agus rothaithe leis na srianta seo a leanas:

- Cosc ar chasadh ar dheis ó Bhóthar Ghleann Beithe;
- Cosc ar chasadh ar dheis ó Chéide na Cabraí;
- Cosc ar chasadh ar chlé ón gCuarbhóthar Thuaidh seachas busanna, tacsaithe, rothaithe agus rochtain áitiúil; agus
- Cosc ar leanacht ar aghaidh ó Shráid na Prúise seachas do bhusanna, tacsaithe, rothaithe agus rochtain áitiúil.

Ar Sheanbhóthar na Cabraí, déanfar lánaí bus tiomnaithe a theorannú don chuid den bhealach idir Céide na Cabraí agus Acomhal Bhóthar Ráth Tó. Cuirfear ar fáil áiseanna stad bus feabhsaithe ar an gcuid seo freisin. Cuirfear ar fáil raon rothar dhá bhealach ar feadh an leithid ar fad. Chun spás a dhéanamh do na feabhsuithe seo, d'fhéadfadh sé gur gá tógáil talún idir Acomhal Bhóthar Ráth Tó & Bóthar Ghleann Beithe

agus in aice le hacomhal Chéide na Cabhraí. Beidh gá le trasrian coisithe nua trasna líne iarnróid Stáisiúin Heuston/ Stáisiúin Uí Chonghaile.

Ar Shráid na Prúise, idir an gCuarbhóthar Thuaidh agus an bealach isteach chuig Ionad Siopadóireachta na Páirce, moltar lána tráchta ginearálta amháin ag dul ó dheas, lána bus amháin ag dul ó thuaidh agus lána amháin ag casadh ar dheis a chur ar fáil ó Shráid na Prúise chuig an gCuarbhóthar Thuaidh. Ní bheidh cead ach amháin ag trácht áitiúil leanacht díreach ar aghaidh. Déanfar trácht áitiúil ag dul ó thuaidh i dtreo Bhóthar na hUaimhe a sheoladh tríd an mbealach seo a leanas:

- Sráid Eachroma;
- Ascaill an Chiardhuibh; agus
- Bóthar Néifinne.

Tá mapa a léiríonn atreorú tráchta i gceantar Bhóthar na gCloch le feiceáil ag deireadh an Aguisín seo. Is de bharr leithead shrianta Bhóthar na Cabraí mar atá sé faoi láthair a mholtar na socruithe seo. Níl a dhóthain spás ar an mbóthar mar atá sé chun lána bus agus lána tráchta ginearálta a chur ar fáil sa dá threo.

Idir an bealach isteach chuig Ionad Siopadóireachta na Páirce agus acomhal Bhóthar Iósaif, cuirfear ar fáil lána tráchta ginearálta amháin sa dá threo. Moltar lána bus ag dul ó thuaidh agus lána tráchta ginearálta ag dul ó dheas a chur ar fáil idir acomhal Bhóthar Iósaif agus acomhal Shráid Eachroma. Tá sé i gceist leagan amach acomhal Shráid Eachroma/ Sráid an Mhainéir a athrú. Beidh a dhóthain spáis ag an socrú nua seo chun stad bus nua agus áiseanna trasrian coisithe feabhsuithe a chur ar fáil ag an áit seo. Coinneofar trácht ginearálta dhá bhealach ar Shráid Eachroma.

Idir Acomhal Shráid Eachroma agus Sráid Brunswick Thuaidh, moltar lána bus amháin ag dul ó dheas, lána tráchta ginearálta ag dul ó dheas agus lána tráchta ginearálta ag dul ó thuaidh amháin a chur ar fáil. Féadfaidh raon rothar aon bhealach a chur ar fáil idir Shráid Eachroma agus Cnoc an Arbhair.

Tá méid táscach na tógála talún seo léirithe sna líníochtaí in Aguisín an bhróisiúir seo:

- Tógáil talún theoranta ag Eastát Chúirt an Iarla;
- Tógáil talún theoranta idir thardhroichead Heuston-Uí Chonghaile agus an Cuarbhóthar Thuaidh; agus
- Tógáil talún theoranta idir Bhóthar Dhroim an Lao agus Sráid na Prúise.

Ar an gcuid seo den bhealach, bheadh tionchar ag na hoibreacha beartaithe ar thrí bhá lódála. Tá sé i gceist na háiseanna seo a choinneáil más féidir sin. Oibreofar amach sonraí na n-áiseanna lódála seo mar chuid den chéad chéim deartha eile atá le teacht.

### 2.2.4 Acomhal Shráid Brunswick Thuaidh go Cé Árann – Plás Blackhall

Ag acomhal Bhóthar na gCloch agus Sráid Brunswick Thuaidh, moltar ligean do thrácht ag dul ó dheas leanúint díreach ar aghaidh nó casadh ar chlé isteach i Sráid Brunswick Thuaidh. Féadfaidh tosaíocht do bhusanna a choinneáil tríd an acomhal trí chomhartha tosaíocht do bhusanna a úsáid a ligean do bhusanna dul chun tosaigh ar an trácht atá ag casadh ar chlé.

Ar Shráid Brunswick Thuaidh, tabharfaidh lána tráchta ginearálta amháin rochtain do thrácht ar Lána Sheoirse nó chun dul díreach ar aghaidh ar feadh Shráid Brunswick Thuaidh. Moltar lánaí rothar a chur ar fáil ar gach taobh den lána tráchta. Tá sé i gceist rothaithe a athreorú síos Lána Sheoirse ar raon rothar dhá bhealach ag trasnú Sráid an Rí Thuaidh, agus a sheoladh síos Sráid na Banríona chomh fada le Cé Árann. Beidh rochtain ag rothaithe ar Phlás Blackhall trí Shráid Blackhall.

Moltar trácht aon bhealach a choinneáil ar Shráid na Banríona (ag dul ó dheas) agus ar Shráid Blackhall (ag dul siar). Ar Phlás Blackhall idir Sráid an Rí Thuaidh agus Sráid Blackhall, tá sé i gceist lána bus amháin ag dul ó thuaidh, lána tráchta ginearálta amháin ag dul ó thuaidh agus lána bus amháin ag dul ó dheas a chur ar fáil. Beidh an trácht ag dul ó thuaidh in ann casadh ar dheis isteach i Sráid an Rí Thuaidh. Beidh ar thrácht ag dul ó dheas casadh ar dheis ó Bhóthar na gCloch isteach is Sráid an Rí Thuaidh, rud nach n-athraíonn an socrú atá ann faoi láthair.

Idir Phlás Blackhall agus Cé Árann, tá sé i gceist lána bus amháin agus lána tráchta ginearálta amháin a chur ar fáil sa dá threo.

Ar an gcuid seo den bhealach (Sráid Brunswick Thuaidh), bheadh tionchar ag na hoibreacha beartaithe ar dhá bhá lódála. Tá sé i gceist na háiseanna seo a choinneáil más féidir sin. Oibreofar amach sonraí na n-áiseanna lódála seo mar chuid den chéad chéim deartha eile atá le teacht.

## 2.3 Príomhfhíricí:

- Neas-líon na réadmhaointe a bhféadfadh tionchar imirt orthu: **100**
- Neas-líon na spásanna páirceála sráide a bhféadfaí a chailliúint: **87**
- Neas-líon na gcrann ar thaobh an bhóthair a d’fhéadfaí a bhaint: **200**
- Fad measta an bhealaigh: **8km**
- Fad measta an lána rothar nua: **8km**
- Am thuras bus reatha: **suas go dtí 65 nóiméad**
- Am thuras BusConnects: **25 – 30 nóiméad**
- Amanna thuras bus amach anseo gan BusConnects: **80 nóiméad +**

## Samplaí de Leagan Amach Acomhail











# 3. Dúshláin agus Maolaithe

## 3.1 Na Dúshláin

Tá sé tábhachtach a admháil go mbeidh roghanna deacra le déanamh chun an t-athrú mór sin ar fheidhmíocht chóras bus a bhaint amach. Ní mór na cinntí a dhéanamh anois, áfach, seachas a chur ar athló go mbeidh an fhadhb i bhfad níos measa. D'fhéadfadh roinnt de na cinntí a bheith deacair ach táthar á dhéanamh mar go gcreidimid go bhféadfadh na pleananna seo an bealach a fheidhmíonn oibreacha iompair phoiblí i mBaile Átha Cliath a athrú ó bhonn.

Is é ár ndúshlán anois ná freagairt do riachtanais cathrach nua-aimseartha trí chóras bus atá oiriúnach don fheidhm a sholáthar, atá tógtha ar shráid-dreach a théann siar na céadta. Ní gá a rá nach raibh na sráideanna deartha chun an líon daoine a bhogadh gach lá a bhfuil gá leo le taisteal isteach is amach ón gcathair gach lá. Téann cuid de fobhailte inmheánacha na cathrach siar go dtí an ré Victeoiriach, agus bíonn leagan amach bóithre níos oiriúnaí do leibhéal tráchta nios lú acu ná an leibhéal atá inniu ann.

- Beidh orainn bóithre a leathnú;
- Beidh orainn lánaí tráchta atá ann faoi láthair a athrú go lánaí bus;
- Beidh orainn páirceáil sráide a shrianadh;
- Beidh orainn crainn agus codanna de ghairdíní tosaigh a bhaint.

Ní mhothófar gach tionchar ar an gcaoi chéanna agus beidh níos mó athruithe ag teastáil i roinnt áiteanna i gcomparáid le háiteanna eile. I gcaitheamh na mbliana rinneadh na leasuithe ba fhurasta a dhéanamh - na cinn nach ndearna mórán cur isteach ná cur isteach ar bith. Ciallaíonn sé sin nach bhfuil aon athruithe simplí a thuilleadh ar féidir linn a dhéanamh agus a bhainfí tairbhí fiúntacha astu.

Mura gcinnimid na hathruithe seo a dhéanamh anois, beidh orainn glacadh leis mar sin go n-éireoidh Baile Átha Cliath níos plúchta ná riamh agus nach mbeidh sí chomh mealltach ó thaobh chónaithe agus oibre de dúinn féin anois agus do na glúnta atá le teacht.

## 3.2 Tionchair Fhéideartha

### 3.2.1 Athruithe tráchta

Trí níos mó tosaíochta a thabhairt do bhusanna agus don rothaíocht athróidh an chaoi a mbogann trácht timpeall na sráideanna faoi láthair. Ar chonairí áirithe, d'fhéadfadh sé go gcuirfí i bhfeidhm córas tráchta aontreo, agus go gcuirfí isteach stráicí nua do bhusanna amháin agus in áiteanna eile beidh ar thrácht bealaí nua a ghlacadh le dul isteach agus teach amach ón gcathair. Tógfar bealaí rothar nua, agus iad leithscartha go ginearálta ó thrácht fheithiclí, agus cuirfear isteach nó bogfar trasrianta coisithe in áiteanna áirithe.

### 3.2.2 Tógáil talún

Mar gheall go bhfuil an méid spáis nach bhfuil úsáidte chomh beag ar na bóithre gnóthacha sin, is minic nach mbeifear in ann spás a chur ar fáil do na lánaí bus agus na lánaí rothaíochta leis an leithead a bheidh ar fáil. Chun an spás is gá a chruthú, beidh gá ann, in áiteanna, codanna de ghairdíní tosaigh, de chabhsaí agus do thalamh os comhair réadmhaointe tráchtála a cheannach chun spás a dhéanamh do na lánaí bus agus rothar. Bheadh gá ina dhiaidh sin ballaí gairdíní agus cabhsaí a atógáil achar gearr siar ó theorainn an bhóthair mar atá sé faoi láthair.

### 3.2.3 Laghdú ar Pháirceáil Sráide agus Áiseanna Lódála

Ós rud é go dtaistealaíonn na bóithre ar gá iad a leathnú trí cheantair chónaithe agus ghnó, beidh gá ann méid na páirceála sráide agus na n-áiseanna lódála a laghdú chun spás a dhéanamh don leagan amach nua.

### 3.2.4 Baint Crann

Mar aon leis an ngá atá ann codanna áirithe de ghairdíní tosaigh agus de chosáin a bhaint amach, beidh gá ann freisin crainn a bhaint as taobh cuid de na conairí.

### 3.2.5 Oibreacha Bóthair agus Ionaid Tógála

Bíonn obair thógála i gceist chun bóithre a leathnú, agus lánaí bus agus rothar a thógáil. Déanfar na bóithre reatha a thochailt, chomh maith le codanna de ghairdín agus de chosáin, áit is gá. Déanfar athdhromchlú, colbhaí, athphlandáil agus tírdhreachadh. Mar is amhlaidh is gás aon láithreán oibre agus oibreacha bóthair, beidh leibhéal áirithe torainn agus deannaigh i gceist in éineacht le hatreorú sealadach tráchta.

## 3.3 An dóigh ar a thabharfaimid aghaidh ar na dúshláin sin

Is léir gur dúshláin agus tionchair mhóra iad seo. Táimid ag breathnú ar gach rogha indéanta chun an tionchar ar dhaoine, ar réadmhaoin agus ar an bpobal áitiúil i gcoitinne a laghdú a oiread agus is féidir. Nuair nach mbíonn aon rogha indéanta eile ann, agus nuair a bhíonn a fhios againn gur gá crainn, codanna de ghairdíní, cabhsaí nó páirceáil a bhaint, déanfaimid cinnte de go gcuirtear bearta maolaithe cuí i bhfeidhm, nuair is féidir sin.

Mar chuid den chomhairliúchán poiblí seo, déanfaidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair teagmháil dhíreach le húinéirí réadmhaoine a bhféadfadh tionchar imirt orthu agus pléifear an tionchar féideartha leo láithreach bonn. Ós rud é go mbeidh a gcuid fhadhbanna sainiúla agus pearsanta féin ag gach úinéir réadmhaoine aonair, cuirfear ar fáil foireann teagmhála thiomnaithe chun caidreamh a dhéanamh leis an ngrúpa seo ar bhonn duine le duine.

Tá prionsabail ann le haghaidh maolaithe, cúitimh reachtúil agus gnáthchúitimh, a chloífidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair leo mar chuid den phróiseas pleanála reachtúil. É sin ráite, seo thíos cuid de na bearta a bhfuil sé i gceist againn a chur i bhfeidhm. Ní liosta cuimsitheach é seo agus samhlaíonn muid go mbeidh orainn bearta eile a chur i bhfeidhm.

### 3.3.1 Athruithe Tráchta

Nuair a dhéantar trácht ginearálta a chur ar mhalairt slí nó a athreorú, cuirfear ar fáil comharthaíocht agus marcanna bóthair chun go mbeidh daoine in ann a mbealach a aimsiú. Cuirfear bearta i bhfeidhm le cinntiú nach dtarlóidh "aicearraí sciuirde" de bharr an tráchta atreoraithe. Freisin, coimeádfar rochtain áitiúil áit a dtógfar isteach codanna bus-amháin nó córais aonbhealaigh do chónaitheoirí agus d'fhoirgnimh ghnó.

### 3.3.2 Tógáil talún

Áit a ghlactar seilbh ar thailte, ar nós codanna de ghairdíní agus de chabhsaí, chun an bóthar a leathnú, ceannóidh muid cuid de na gairdíní tosaigh agus na cabhsaí ó na húinéirí réadmhaoine; cinnteoidh muid go ndéanfar na gairdíní athírdhreachú agus a athphlandáil, go ndéanfar na cabhsaí a chur ar ais agus go n-íocfar cúiteamh d'úinéirí don chuid den ghairdín agus cabhsa a chailltear dá bharr agus don chur isteach.

Áit a mbeidh ballaí nó fálta príobháideacha nó poiblí á bhaint, tógfar arís ballaí na ngairdíní agus cuirfear isteach fálta áit ar giorraíodh gairdíní nó gur tharla aon tionchar eile dóibh. Freisin, áit a mbeidh ballaí agus fálta poiblí nó gnó a bhaint tógfar arís iad agus cuirfear cinn nua ar fáil.

### 3.3.3 Páirceáil sráide agus Áiseanna Lódála

Áit a ghearrtar siar ar pháirceáil sráide agus áiseanna lódála, déanfaimid iarracht socruithe eile, nuair is féidir sin, a chur ar fáil in aice láimhe do chónaitheoirí agus do ghnólachtaí.

### 3.3.4 Crainn

Áit a bhaintear crainn ó thaobh an bhóthair nó ón gcosán, cuirfimid i bhfeidhm clár athphlandála cuimsitheach. Sa chlár seo bainfear úsáid as crainn réamh-fhásta aibí nó leathaibí nuair is cuí agus, nuair is féidir sin, cuirfear iad chomh gar agus is féidir do na háiteanna tosaigh.

### 3.3.5 Feabhsuithe ar Lárionaid Uirbeacha

Beidh muid ag lorg ceantar ar na conairí gnóthacha áit a mbeifear in ann na spáis áitiúla reatha agus an tírdhreachadh reatha a fheabhsú. Tá sé tábhachtach an deis seo a thapú ní hamháin chun an méid a bheidh bainte a sholáthar arís ach freisin chun na ceantair áitiúla a fheabhsú. Chun é seo a dhéanamh, rachaimid i gcomhairle leis na húdaráis áitiúla maidir lena leithéid d'fheabhsuithe ar lárionaid uirbeacha agus lorgóimid le chéile bealaí chun timpeallachtaí áitiúla taitneamhacha a chruthú.

### 3.3.6 Oibreacha Bóthair agus Ionaid Tógála

I rith na gcéimeanna tógála, déanfar na suíomhanna a logánú agus a bhainistiú ar bhonn bóthar ar bhóthar. Beidh sé riachtanach nádúr cónaithe go leor de na bóithre a choimeád i gcuimhne agus méid gach láithreán oibre chomh maith leis na huaireanta oibre á n-oibriú amach. Beidh bainistíocht tráchta an-tábhachtach chun trácht a choimeád ag gluaiseacht agus déanamh cinnte go gcoimeádfar rochtain áitiúil do dhaoine agus do sheachadtaí.



# 4. An Próiseas chun Talamh a Fháil

Áit a rinneadh an tionchar féideartha ar thailte príobháideacha a shainaithint, cuirfear i bhfeidhm an próiseas seo a leanas:

**Q4 2018 – Q2 2019** eiseoidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair litreacha eolais (in ionad fógraí ordaithe ceannaigh éigeantaigh foirmeálta) d'úinéirí talún agus/nó sealbhóirí ar feadh gach Príomhchonair Bus a bhfuil tionchar féideartha ag imirt orthu. *Cuimsíonn an téarma tionchar féideartha, mar shampla, áit a nglactar seilbh ar chodanna de ghairdíní, ballaí, fálta, geataí, cabhsaí nó a dhéantar iad a átógáil chun spás a dhéanamh do leathnú bóthair.* Is éard atá i gceist leis seo ná comhrá díreach a thionscnamh idir an Údarás Náisiúnta Iompair agus na páirtithe a n-imrítear tionchar orthu.

**I rith 2019** chun an doiciméadú pleanála reachtúil a ullmhú, déanfar dearadh an tionscadail agus measúnacht tionchair timpeallachta a chur chun cinn. I rith an ama seo, déanfaidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair iarracht tionchar ar thailte príobháideacha a laghdú. Leanfaidh an plé díreach idir an Údarás Náisiúnta Iompair agus na páirtithe a d'fhéadfadh tionchar imirt orthu chun tuiscint a fháil ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an bhforbairt bheartaithe agus na socruithe a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm chun an tionchar seo a laghdú nó, más féidir, a sheachaint.

**Deireadh 2019 / tús 2020** críochnóidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair an doiciméadú pleanála reachtúil agus tabharfaidh sé fógra d'úinéirí na talún a bheidh tionchar á n-imirt orthu de bharr an cheannaigh éigeantaigh a bheidh mar chuid den tionscadal. Déanfaidh an tÚdarás iarratas foirmeálta chuig an mBord Pleanála chun deimhniú a fháil maidir le ceannach éigeantach na dtailte atá riachtanach chun lánaí bus agus lánaí rothar uasghrádaithe a thógáil.

**I rith 2020** breathnóidh An Bord Pleanála ar an iarratas pleanála. Beidh tréimhse chomhairliúchán poiblí reachtúil ann chun ligean dóibh siúd a fuair fógra maidir le hordú ceannaigh éigeantaigh, agus don phobal i gcoitinne, iarratais agus/nó agóidí a dhéanamh don Bhord Pleanála. Má mheastar gur gá é, reáchtálfaidh an Bord Pleanála Éisteacht ó Bhéal ina dhiaidh sin. Críochnóidh an próiseas reachtúil le cinneadh ón mBord Pleanála:

1. an t-iarratas a fhormheasadh, a fhormheasadh faoi choinníollacha, nó an t-iarratas a dhiúltú; agus
2. an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh a dhearbhú, a leasú, nó a dhiúltú.

**Ó 2021 ar aghaidh** má thugann an Bord Pleanála formheas, tosóidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair na luachálacha agus na hidirbheartaíochtaí chun na tailte san ordú ceannaigh éigeantaigh a fháil, agus tosóidh an obair thógála. Glacfaidh tógáil gach conair bus suas go dtí dhá bhliain len é a chríochnú. Déanfar na dátaí tosaithe do gach ceann den 16 chonair a bhainistiú thar an tréimhse 2021 go deireadh 2027.



## 4.1 Conas a rachaidh an tionscadal chun cinn

### Conas & cathain páirt a ghlacadh ann

2018 — 2019 — 2020

**RANNPHÁIRTÍOCHT**

**Deimhniú an Bhealaigh is Dealraithí a Roghnófar**

- Comhairliúchán ar an mBealach is Dealraithí a Roghnófar (Q4 2018-Q2 2019)
- Cinneadh Deiridh faoin mBealach is Dealraithí a Roghnófar (Q2 2019).

**Ullmhúchán an Iarratais Reachtúil**

- Barrfheabhas a chur ar an Dearadh Innealtóireachta
- Tuarascáil Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta a ullmhú
- Na riachtanais a bhaineann le réadmhaoin a shainmhíniú agus Ordú Ceannaigh Éigeantaigh a ullmhú.

**PRÓISEAS REACHTÚIL**

**Iarratas chuig an mBord Pleanála**

- Iarratas Pleanála Reachtúil á Chur Isteach chuig an mBord Pleanála
- Comhairliúchán Reachtúil de réir na riachtanas dlíthiúil
- Breithniúcháin an Bhoird Phleanála agus Éisteacht ó Bhéal más gá
- Déanann an Bord Pleanála:
  1. an t-iarratas a fhormheas, a fhormheas faoi choinníollacha, an t-iarratas a dhiúltú; agus
  2. an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh a dheimhniú, a leasú, nó a dhiúltú.

2021 2027

## CEANNACH

**Tosaíonn an Obair Tógála ar Bhonn Céimnithe - Glacfaidh gach uasghrádú conaire suas go dtí 2 bhliain len é a chríochnú**

### Cuirtear tús le Ceannach Réadmhaoine agus an Obair Thógála

- Déanann an tÚdarás Náisiúnta Iompair iarratas foirmeálta éileamh ar chúiteamh ón Ordú Ceannaigh Éigeantaigh ar son na bpáirtithe ar imríodh tionchar orthu agus tosaíonn na comhráite faoi luachála
- Ceapann na páirtithe a imríodh tionchar orthu luachálaí gairmiúil chun éileamh ar chúiteamh a ullmhú agus a chur isteach chuig an Údarás Náisiúnta Iompair
- Tar éis theacht ar chomhaontú, íoctar an cúiteamh, agus mura n-íoctar is féidir le aon cheann den dá pháirtí an t-ábhar a chur faoi bhráid eadránaí réadmhaoine chun go ndéanfaidh sé measúnú ar an gcúiteamh
- Cuirtear an Ceannach i gcrích
- Ag an am céanna, leanfaidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair ar aghaidh leis an obair thógála ar na Conairí Bus Lárnacha.

# 5. Conas páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán poiblí

Ná déan dearmad gur tograí na pleananna atá á bhfoilsiú againn agus nach ndéanfar cinneadh deiridh faoi na hábhair seo roimh a tharlóidh an comhairliúchán poiblí. Tá fáilte roimh thuairimí gach duine.

Mura dtaitníonn togra leat, ná bíodh drogall ort réiteach malartach nó rogha eile a mholadh le go ndéanfaimid é a mheas. Ná déan dearmad, áfach, gurb é busiompair an príomhchineál iompair phoiblí faoi láthair, agus sa todhchaí, d'fhormhór na gceantar i réigiún Bhaile Átha Cliath agus nach bhfuil córas iarnróid faoi thalamh indéanta go bunúsach do Bhaile Átha Cliath don chuid is mó.

## 5.1 Tailte a d'fhéadfadh tionchar imirt orthu

Má tá baol ann go mbeidh tionchar ag na moltaí ar do chuid réadmhaoine, tá litir faighte sa phost agat a shonraíonn conas dul i dteagmháil leis an Údarás Náisiúnta Iompair. Beidh ionadaí teagmhála réadmhaoine tiomnaithe ar fáil chun bualadh le húinéirí réadmhaoine aonair agus an t-eolas is déanaí faoin tionscadal a thabhairt dóibh.

## 5.2 Ceisteanna ginearálta

Tá rannán tiomnaithe ag suíomh gréasáin an tionscadail **www.busconnects.ie** le heolas faoi Thionscadal na gConairí Bus Lárnacha. Féadfaidh úsáideoirí dul ar an suíomh chun tuilleadh a fhoghlaim faoin dtionscadal agus cóipeanna de na príomhstaidéir a rinneadh a íoslódáil.

Féadfaidh ceisteanna ginearálta a dhíriú chuig an Uimhir Shaorghlao - **1800 303 653** nó a chur tríd an r-phost chuig **cbc@busconnects.ie**

## 5.3 Conas páirt a ghlacadh

Táimid ag lorg iarratas maidir leis na moltaí atá leagtha amach sa Doiciméad Comhairliúcháin Phoiblí.

Is féidir iarratais scríofa agus tuairimí a dhéanamh:

### Ar líne:

Tríd an bhfoirm ar líne sa chuid "Comhairliúchán Poiblí" de leathanach na gConairí Bus Lárnacha ar an suíomh: **www.busconnects.ie**

### Nó tríd an r-phost chuig:

**cbc@busconnects.ie**

### Nó tríd an bpost:

**Tionscadal na gConairí Bus Lárnacha**
An tÚdarás Náisiúnta Iompair
Dún Scéine
Lána Fhearchair
Baile Átha Cliath 2
D02 WT20


Dublin Bus
07-D-30006
You'll see a lot of
us about
BUS
BUS
LANE

# 6. Aguisíní


**Treoirléarscáil**
**Léarscáileanna bealaigh**
**Bealaí Tráchta Malartacha**



# Blanchardstown > City Centre

## Index Map










NOTE: The Emerging Preferred Route shown on the following drawings is indicative only and is subject to change following consultation and as part of the design development process.

## MAP 1: Emerging Preferred Route





© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number EN 0082118 National Transport Authority.

## MAP 2: Emerging Preferred Route




## MAP 3: Emerging Preferred Route




© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number EN 0082118 National Transport Authority.

## MAP 4: Emerging Preferred Route




**LEGEND:**

- BUS LANE
- CYCLE TRACK
- FOOTPATH
- CARRIAGEWAY
- GRASS AREA / VERGE
- SHARED AREA
- BUS STOP LOCATIONS
- EXISTING BOUNDARY
- PROPOSED NEW BOUNDARY (POSSIBLE LAND ACQUISITION)




### INTERCHANGE EXAMPLES







## MAP 5: Emerging Preferred Route



## MAP 6: Emerging Preferred Route




## MAP 7: Emerging Preferred Route




SECTION 6

## MAP 8: Emerging Preferred Route






**NOTE:**

**THE ALIGNMENT SHOWN ASSUMES A POSSIBLE FUTURE UPGRADE OF THE N3 WITH AN ADDITIONAL GENERAL TRAFFIC LANE IN EACH DIRECTION. THIS WOULD BE SUBJECT TO A ROUTE OPTIONS ASSESSMENT PROCESS BY TRANSPORT INFRASTRUCTURE IRELAND. THIS ALIGNMENT IS THEREFORE SUBJECT TO CHANGE.**

© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number EN 0082118 National Transport Authority.


## MAP 9: Emerging Preferred Route





© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved. Licence Number EN 0082118 National Transport Authority.


## MAP 10: Emerging Preferred Route








© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number EN 0082118 National Transport Authority.

## MAP 11: Emerging Preferred Route




## MAP 12: Emerging Preferred Route





© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number EN 0082118 National Transport Authority.

## MAP 13: Emerging Preferred Route




## MAP 14: Emerging Preferred Route





© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number EN 0082118 National Transport Authority.

## MAP 15: Emerging Preferred Route






## MAP 16: Emerging Preferred Route




## MAP 17: Emerging Preferred Route





© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number EN 0082118 National Transport Authority.


## MAP 18: Emerging Preferred Route




## MAP 19: Emerging Preferred Route




## MAP 20: Emerging Preferred Route




## MAP 21: Emerging Preferred Route




## MAP 22: Emerging Preferred Route




## MAP 23: Emerging Preferred Route



## MAP 24: Emerging Preferred Route




# MAP 25: Emerging Preferred Route




## MAP 26: Emerging Preferred Route


© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number EN 0082118 National Transport Authority.




## MAP 27: Emerging Preferred Route



## MAP 28: Emerging Preferred Route




## MAP 29: Emerging Preferred Route




© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number EN 0082118 National Transport Authority.

## MAP 30: Emerging Preferred Route




## MAP 31: Emerging Preferred Route





© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number EN 0082118 National Transport Authority.

## MAP 32: Emerging Preferred Route





© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number EN 0082118 National Transport Authority.

## MAP 33: Emerging Preferred Route




© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number EN 0082118 National Transport Authority.

## MAP 34: Emerging Preferred Route




© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number EN 0082118 National Transport Authority.

## MAP 35: Emerging Preferred Route




© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number EN 0082118 National Transport Authority.

## Map 36: Alternative Traffic Routes




© Ordnance Survey Ireland Government of Ireland. All rights reserved.
Licence Number EN 0082118 National Transport Authority.

NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

An tÚdarás Náisiúnta Iompair
Dún Scéine
Lána Fhearchair
Baile Átha Cliath 2
D02 WT20

www.busconnects.ie

Project Ireland 2040
Building Ireland's Future